

**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000064/2020
ar an gCoimisiún**

Riail 136

Kati Piri, Tanja Fajon, Tonino Picula, Andreas Schieder
thar ceann Ghrúpa S&D

Ábhar: Cur isteach na hUngáire ar na meáin sa tSlóivéin agus sa Mhacadóin Thuaidh

D'fhoilsigh an tairseach ghréasáin Slóivéanach Necenzurirano sonraí le déanaí maidir le hoibríocht faisnéise polaitiúla, a dhearbhaigh líomhaintí a rinneadh i dtuarascáil ar chaineál teilifíse sa Mhacadóin Thuadh, TV Nova, an 8 Bealtaine 2018 dar teideal 'Orban faoi lán seoil chun callairí Gruevski a shábháil'. Chuir ceannairí ón Ungáir le chéile oibríocht idirnáisiúnta, le cúnamh ó bhainc Shlóivéanacha agus ó chuiditheoirí, chun faisnéis pholaitiúil a bhailiú agus tacaíocht a fháil do sholáthraithe meáin a bhfuil baint acu leis an bpáirtí freasúra VMRO-DPMNE sa Mhacadóin Thuaidh. Is é sprioc na hoibríochta sin rialtas Phríomh-Aire Zaev a bhriseadh i dtoghcháin an 12 Aibreán 2020 agus deireadh a chur le Comhaontú Prespa. Bhí ról lárnach ag úinéirí roinnt soláthraithe meáin san Ungáir, a bhfuil dlúthbhaint acu le Páirtí Daonlathach na Slóivéine (SCS) de chuid Janez Janša, a fhaigheann maoiniú ó chuideachtaí a bhfuil dlúthbhaint acu le Príomh-Aire Orban. Fuair Necenzurirano sonraí agus faisnéis a chruthaíonn gur thuill ar a laghad trí chuideachta, a bhfuil dlúthnasc acu le Fidesz EUR 4 milliún ag staid amháin dá n-oibríochtaí amhail i mí Lúnasa 2018, agus d'fhan EUR 1.5 milliún den méid sin sa tSlóivéin agus aistríodh EUR 2.5 milliún chuig an Mhacadóin Thuaidh. Chinn Cumann Iriseoirí na Slóivéine go bhfuil na hiarrachtaí a rinneadh chun míchlú a tharraingt ar Rialtas na Macadóine Thuaidh agus déine na hionsaithe chomh tromchúiseach sin gur bagairt iad do shaoirse na meán agus don daonlathas.

1. Conas is féidir leis an gCoimisiún a áirithiú nach ndeanfaidh na Ballstáit cur isteach ar phróisis dhaonlathacha i dtíortha is iarrthóirí agus i mBallstáit eile agus conas is féidir leis cosc a chur le cur isteach dá leithéid amach anseo?
2. Ar iarr an Coimisiún nó an iarrfaidh an Coimisiún ar Thoscaireacht AE in Skopje/ar Thoscaireacht an Choimisiúin in Ljubljana imscrúdú a dhéanamh ar an gceist agus an gcuirfear torthaí an imscrúdaithe sin ar fáil go poiblí?
3. An nglacfaidh an Coimisiún na céimeanna iomchuí chun iallach a chur ar Google, Facebook agus ollchuideachtaí teicneolaíochta eile liostáil a dhéanamh ar an eintiteas dlíthiúil a d'íoc as inneachar agus fógraíocht agus atá freagrach as bréagnuacht a scaipeadh (mar a rinne sé mar fhreagairt ar chás Cambridge Analytica)?
4. An iarrfaidh an Coimisiún ar Rialtas na hUngáire ar chuir sé isteach ar phróisis dhaonlathacha i dtír is iarrthóir agus i mBallstát?
5. Cad é a mheasann an Coimisiún maidir leis an tionchar a bhí ag na himeachtaí sin ar shaoirse na meán sa Mhacadóin Thuaidh agus sa tSlóivéin?

Curtha síos: 06/10/2020

Spriocdháta i gcomhair freagra: 07/01/2021